**Lasair Mhór an tSaoil**
*Eoghan Ó Ceannabháin*

Tar anonn anois go barr an tsléibhe
‘S tú rún mo chroí ‘gus grá mo chléibhe
Nach ait an saol a mhaicín eo?
Nach ann ‘tá an spraoi ‘s an raic s’ a gleo
Ó tabhair dom anois, tabhair dom anois
Tabhair dom anois do láimhín

Glóirín binn i ngleann na ndeor
Rún mo chroí ‘s mo mhíle stór
Lasair mhór an tsaoil i do bheola
Ní chiúineofar arís do cheol

Shíl tú féin gur breá an bréagán
Do chlaimhín maol i do láimhín féin a’t
Tú féin ‘s do dheartháirín a’ spraoi
I bhur laochra móra i scéalta sí
‘S nach aisteach mar a athraíonn an ghaoth
Ó mhagadh go dáiríre

Glóirín binn i ngleann na ndeor
Rún mo chroí ‘s mo mhíle stór
Lasair mhór an tsaoil i do bheola
Ní chiúineofar arís do cheol

Lámh ar scornach, dorn san éadan
Barróg mhór is grá nach ngéilleann
Éalaigh amach a mhaicín mín
Tá arracht spréachta inár ndiaidh
‘S nach méanar dhúinn a bheith amuigh faoin oíche
‘S gan ann ach spraoi a ghráín

Glóirín binn i ngleann na ndeor
Is áille thú ná an ghealach mhór
Lasair mhór an tsaoil i do bheola
Ní chiúineofar arís do cheol

Glóirín binn i ngleann na ndeor
Is áille thú ná an ghealach mhór
Lasair mhór an tsaoil i do bheola
Ní chiúineofar arís do cheol
Ní chiúineofar arís do cheol